Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2021
(OR. en)

9546/21

ENFOPOL 219
JAI 682
COVID-19 249
CRIMORG 55
CYBER 170

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Meitheamh 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8651/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar an tslándáil inmheánach: bagairtí, treochtaí, athléimneacht agus ceachtanna foghlamtha i dtaca le dlí an Aontais a fhorfheidhmiú<br>– *Conclúidí ón gComhairle* (7 Meitheamh 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar an tslándáil inmheánach: bagairtí, treochtaí, athléimneacht agus ceachtanna foghlamtha i dtaca le dlí an Aontais a fhorfheidhmiú a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3799ú cruinniú a bhí aici an 7 Meitheamh 2021.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar an tslándáil inmheánach: bagairtí, treochtaí, athléimneacht agus ceachtanna foghlamtha i dtaca le dlí an Aontais a fhorfheidhmiú

Á CHOIMEÁD I gCUIMHNE DI na hiarrachtaí a rinneadh ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát ardleibhéal cosanta a bhaint amach do shaoránaigh an Aontais agus, sa chomhthéacs sin, a áirithiú go mbeidh leanúnachas gnó ann i dtaca le forfheidhmiú an dlí agus go ndéanfaí gníomhaíocht chomhordaithe i gcoinne bagairtí atá ag teacht chun cinn;

Á ADMHÁIL DI na rioscaí agus na bagairtí nach féidir a thuar agus na dúshláin inteachta maidir leis an timpeallacht slándála inmheánaí leis arb iad an ghéarchéim seo ba chúis leo;

Á CHUR SAN ÁIREAMH DI a thábhachtaí agus a thairbhí atá na ceachtanna atá foghlamtha agus comhroinnte ag na Ballstáit agus ag institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais;

Á AITHINT DI go bhféadfadh na géarchéimeanna suaiteacha atá ar siúl faoi láthair nó cinn chomhchosúla a bheadh ann amach anseo fadhbanna sistéamacha slándála a ghineadh, leochaileachtaí a nochtadh agus comhar feabhsaithe a éileamh;

Á SHAINAITHINT DI gur gá cosc a chur agus dul i ngleic le leathadh na ngluaiseachtaí frithoibríochta a scaipeann mífhaisnéis faoi COVID-19 agus an fhuathchaint, go háirithe ar na meáin shóisialta;

Á MHEABHRÚ DI go bhfuil géarghá i gcás géarchéime gur fearr a dhéanfaí comhar trasteorann athléimneach oibríochtúil éifeachtach agus a mhalartófaí fianaise go tráthúil, agus nach mór sásraí éigeandála don chomhar i bhforfheidhmiú an dlí a ghníomhachtú go mear chun leibhéal na hullmhachta a mhéadú agus chun freagairt láithreach a áirithiú.

Á THABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil sé ríthábhachtach eolas agus faisnéis a chomhroinnt lena bhféadfaí bagairtí agus treochtaí grúpa coireachta eagraithe a bhrath le haghaidh cinnteoireacht fheasach straitéiseach maidir leis an dóigh cheart lena dtarlóidh amach anseo maidir le líonraí coiriúla a ghleic agus a thuar;

Ina theannta sin, Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur treisíodh, mar gheall ar an ngá faisnéis oibríochtúil íogair a chomhroinnt i gcás géarchéime chun leanúnachas na hoibre leantaí maidir le himscrúduithe/cásanna trasteorann a áirithiú, an tiomantas réitigh shlána chumarsáide a fhorbairt a d'fhéadfadh teacht in ionad teagmhálacha fisiciúla;

Chuige sin, Á DHÍRIÚ DI ar úsáid níos fearr a bhaint as na modhanna comhair atá ann cheana agus AG TÓGÁIL ar struchtúir a bunaíodh cheana féin.

DÉANANN AN CHOMHAIRLE AN MÉID SEO A LEANAS,

**chun Cosaint a áirithiú**

ÁITÍONN SÍ ar na Ballstáit malartú faisnéise trasteorann, comhoibríochtaí um fhorfheidhmiú an dlí agus malartú an dea-chleachtais agus saineolais a chomhordú idir tíortha comharsanachta agus ar leibhéal an Aontais, agus eintitis chriticiúla a dhaingniú le linn géarchéimeanna, i gcomhréir leis na creataí dlíthiúla náisiúnta;

GRÍOSAÍONN SÍ na Ballstáit réitigh phraiticiúla a shainaithint lena seachnófaí bacainní ar an gcomhar straitéiseach oibríochtúil oirbheartaíochta trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí, go háirithe nuair a fhorchuirtear bearta chun srian a chur leis an taisteal idir na Ballstáit;

GRÍOSAÍONN SÍ EUROPOL tacú leis na Ballstáit trí fhaisnéis a mhalartú i gcomhréir lena shainordú in oibríochtaí trasteorann chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chosc le linn géarchéimeanna lena ndéantar difear do shlándáil inmheánach an Aontais;

CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá, i gcur chun feidhme *Next Generation EU*, stop a chur le sleamhnú isteach na líonraí coiriúla. Dá bhrí sin, tá sé bunriachtanach faisnéis a mhalartú go tráthúil idir gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, go háirithe Europol, OLAF agus OIPE agus na Ballstáit, maidir le himscrúduithe, rioscaí, bagairtí, modhanna agus patrúin chalaoise atá ar siúl faoi láthair go háirithe.

**Chun ullmhacht níos fearr a bhaint amach**

MOLANN SÍ DO na Ballstáit comhoibriú le chéile, más gá, trí thacaíocht theicniúil a chomhroinnt, amhail saineolaithe agus trealamh le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí agus córais chumarsáide le linn géarchéimeanna.

GRÍOSAÍONN SÍ CEPOL agus na Ballstáit, agus tacaíocht airgeadais á fáil ón Aontas acu más gá, oiliúint bunaithe ar chásanna agus cleachtaí praiticiúla idir gníomhaireachtaí a cheapadh i gcomhar le geallsealbhóirí eile amhail cosaint shibhialta, seirbhísí leighis éigeandála agus údaráis áitiúla chun ullmhacht agus athléimneacht a áirithiú le haghaidh paindéime agus géarchéimeanna eile a bheidh ann amach anseo;

CUIREANN SÍ I dTREIS GUR GÁ don Choimisiún tacú le croí-mheitheal Europol maidir le cumarsáid shlán, agus don tSaotharlann Nuálaíochta - a bhfuil sé de chúram orthu an treochlár maidir le réitigh chumarsáide shlána nua a chur chun feidhme, mar a d'fhormhuinigh COSI[1] - ionstraim choiteann athléimneach idir-inoibritheach shlán le haghaidh uirlisí cumarsáide agus físchomhdhála (fís, fuaim agus teachtaireachtaí meandracha) a bhunú faoi chuimsiú fhorfheidhmiú dhlí an Aontais. D'fhéadfaí na huirlisí cumarsáide slána sin a úsáid chun oibríochtaí comhpháirteacha a phleanáil agus a chomhordú, agus lena chois sin chun faisnéis rúnda íogair a mhalartú le linn géarchéimeanna idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na mBallstát agus eatarthu sin agus gníomhaireachtaí agus eintitis ábhartha de chuid an Aontais;

IS DÍOL SÁSAIMH DI gur fhorbair Europol tuarascálacha anailíseacha maidir le treochtaí coireachta agus measúnuithe ar bhagairtí agus riosca le linn na paindéime atá ar siúl faoi láthair, tuarascálacha a thacaíonn leis na Ballstáit sa chomhar trasteorann agus i gcosc na coireachta trasnáisiúnta. TATHANTAÍONN SÍ AR EUROPOL a mheas gur dea-chleachtas é sin atá le cur san áireamh in aon ghéarchéim a bheidh ann amach anseo.

[1] 12860/1/20 REV 1

**Chun cosc níos fearr a bhaint amach**

MOLANN SÍ DO na Ballstáit go gceapfaidís agus go gcuirfidís chun cinn feachtais faisnéise agus feasachta dá saoránaigh, feachtais a bhainfeadh leas as a gcuid saineolais féin agus saineolas EUCPN, Europol agus líonraí forfheidhmithe dlí chun tionchar gníomhaíochtaí cibearchoireachta, an mhífhaisnéis agus an fhuathchaint a chosc; ba cheart béim a leagan go háirithe ar cé mar is féidir páistí a chosaint ar líne agus an baol a mhaolú go dtiocfadh eagraíochtaí coiriúla i dtír orthu;

GRÍOSAÍONN SÍ na Ballstáit dea-chleachtais a chomhroinnt laistigh de EUCPN agus líonraí ábhartha eile maidir le straitéisí náisiúnta agus áitiúla lena bhfeabhsaítear bealaí tuairiscithe d'íospartaigh coireanna, mar shampla an foréigean baile agus an mhí-úsáid ghnéasach, d'fhonn teagmhálacha a éascú le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus le geallsealbhóirí eile le linn dianghlasála agus géarchéime. D'fhéadfadh an comhar sin rannchuidiú freisin le comhpháirtíochtaí a dhoimhniú agus leis an idirghníomhaíocht a fheabhsú idir gníomhaireachtaí um fhorfheidhmiú an dlí, an tsochaí shibhialta agus íospartaigh na coireachta;

GRÍOSAÍONN SÍ an Coimisiún tacú leis na Ballstáit, i ndlúthchomhar le creat IPCR agus gníomhaireachtaí an Aontais lena mbaineann (amhail Europol), cosc a chur ar ghéarchéimeanna a dhéanfadh difear do Ballstát amháin nó níos mó, agus cur chuige athléimneach solúbtha a ghlacadh;

TATHANTAÍONN SÍ AR an gCoimisiún tacú le feabhas a chur ar na sásraí comhair agus comhordúcháin agus ar na fóraim atá ann cheana, is é sin Ardán Europol do Shaineolaithe ar a dtugtar *v-Room*, chun comhar straitéiseach oibríochtúil a chothú, agus dea-chleachtais a mhalartú freisin mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna móra ar aon dul leis an bpaindéim atá ar siúl faoi láthair.